



An Bhruiséil, 27 Feabhra 2026
(OR. en)

6393/26

AGRILEG 33
VETER 23
DELECT 32

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	<p>RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE).../... ón gCOIMISIÚN lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte ainmhithe maidir le gluaiseacht neamhthráchtála peataí</p> <p>RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE).../... ón gCOIMISIÚN lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le hinrianaitheacht madraí, cat agus firéad atá ar coimeád</p> <p>RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE).../... ón gCOIMISIÚN lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le gluaiseacht madraí, cat agus firéad agus feoiliteoirí eile atá ar coimeád laistigh den Aontas</p> <p>RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE).../... ón gCOIMISIÚN lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas agus stádas saor ó ghalair i leith hinmhíolú le <i>Echinococcus multilocularis</i></p> <p>RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE).../... ón gCOIMISIÚN lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí madraí, cat agus firéad a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis a dteacht isteach</p> <p>- Rún gan agóid a dhéanamh</p>

1. An 20 Eanáir 2026, chuir an Coimisiún na gníomhartha tarmligthe seo a leanas faoi bhráid na Comhairle i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 290 CFAE agus go háirithe leis na hAirteagail shonracha de Rialachán (AE) 2016/429 ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe')¹ a léirítear thíos:
 - a. RIALACHÁN TARMLIGHTHE (AE).../... ÓN gCOIMISIÚN lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte ainmhithe maidir le gluaiseacht neamhthráchtála peataí (C(2026) 0020 final)²
 - *bunús dlí: an dara fomhír d'Airteagal 3(5), Airteagal 245(3), Airteagal 246(3), Airteagal 249(3), Airteagal 252(1) agus Airteagal 254 den Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe*
 - b. RIALACHÁN TARMLIGHTHE (AE).../... ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le hinrianaitheacht madraí, cat agus firéad atá ar coimeád(C(2026) 0021 final)³
 - *bunús dlí: an dara fomhír d'Airteagal 3(5) agus Airteagal 118(1) agus (2) den Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe*
 - c. RIALACHÁN TARMLIGHTHE (AE).../... ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le gluaiseacht madraí, cat agus firéad agus feoiliteoirí eile atá ar coimeád laistigh den Aontas(C(2026) 0022 final)⁴
 - *bunús dlí: an dara fomhír d'Airteagal 3(5), Airteagal 136(2) agus Airteagal 140, pointe (a)(i) den Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe*
 - d. RIALACHÁN TARMLIGHTHE (AE).../... ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas agus stádas saor ó ghálair i leith hinmhíolú le *Echinococcus multilocularis* (C(2026) 0023 final)⁵
 - *bunús dlí: Airteagal 29, Airteagal 39, Airteagal 41(3) agus Airteagal 42(6) den Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe*

¹ Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n- aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (“Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”)

² 5586/26

³ 5591/26 + ADD 1

⁴ 5588/26 + ADD 1

⁵ 5592/26 + ADD 1

2. An 9 Feabhra 2026, chuir an Coimisiún an gníomh tarmligthe seo a leanas faoi bhráid na Comhairle i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 290 CFAE agus go háirithe le hAirteagal 234(2) de Rialachán (AE) 2016/429 ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe'):
 - RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE).../... ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí de mhadraí, de chait agus d'fhiréid a theacht isteach san Aontas (C(2026) 0024 final).⁶
3. Is é is cuspóir do na cúig ghníomh tarmligthe idirnasctha dá dtagraítear i bpointí 1 agus 2 na rialacha a ghlacadh ar láimh maidir le gluaiseachtaí neamhthráchtála peataí a leagtar síos faoi láthair i Rialachán (AE) Uimh. 576/2013⁷, a aisghaireadh leis an 'Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe' le hidirthréimhse go dtí an 21 Aibreán 2026, agus tacar nua rialacha a chruthú is infheidhme maidir le gluaiseachtaí neamhthráchtála peataí faoin 'Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe'. Féadfaidh an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i bpointe 1 den nóta seo go dtí an 21 Márta 2026 agus i gcoinne an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i bpointe 2 go dtí an 10 Aibreán 2026.
4. An 12 Feabhra 2026, chuir an Coimisinéir Várhelyi litir⁸ chuig an Uachtaránacht inar iarradh neamhagóid luath ón gComhairle maidir leis na cúig ghníomh tharmligthe chun folús dlíthiúil a sheachaint agus chun aistriú rianúil ó na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 576/2013 go dtí an tacar nua rialacha sin a áirithiú.
5. Le linn an chomhairliúcháin tosta a seoladh tar éis na ngníomhartha tarmligthe thuas a fháil, rinne toscaireacht amháin agóid⁹ i gcoinne an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i bpointe 1 a. den nóta seo. Ní dhearnadh aon agóid i gcoinne na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i bpointí 1 b, 1 c, 1 d agus pointe 2 den nóta seo.

⁶ 6241/26 + ADD 1.

⁷ Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le gluaiseacht neamhthráchtála peataí agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 998/2003.

⁸ 6392/26.

⁹ WK 2825/2026.

6. Dá bhrí sin, d'eagraigh an Uachtaránacht cruinniú de Chomhairleoirí/Attachés (Talmhaíocht — Ainmhithe agus Ceisteanna Tréidliachta) an 25 Feabhra 2026 chun aghaidh a thabhairt ar an agóid a rinneadh i gcoinne an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i bpointe 1 a. Ag an gcruinniú sin, thug an Uachtaránacht dá haire nach raibh tromlach cáilithe i bhfabhar agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh sin.
 7. Iarrtar, dá bhrí sin, go molfadh Coreper go ndearbhóidh an Chomhairle, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, nach bhfuil rún ar bith aici cur i gcoinne na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i bpointí 1 agus 2 agus go gcuirfear agus go bhfuiltear leis an gCoimisiún agus Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas dá réir sin.
 8. Ciallaíonn sé sin, mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne, go bhfoilseofar na ngníomhartha tarmligthe agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 264(6) de Rialachán (AE) 2016/429. ('An Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe').
-